2024.M57T

2024L033A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

# Gnó

## Roinn 1 agus Freagarleabhar

## Ardleibhéal

Déardaoin 13 Meitheamh    Maidin 9:30 - 12:30

400 marc

**Scrúduimhir** | | | | | | |

**Dáta Breithe** | | / | | / | |

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2024 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus Lá agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú sa Fhreagarleabhar seo. Déanfar an Freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin, is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin i gcomhair sceitsí, graf agus léaráidí.

Tá trí roinn sa scrúdú seo. Tugtar ceisteanna **Roinn 2** agus **3** ar cheistpháipéar ar leith ach ní mór duit do chuid freagraí a scríobh sa Fhreagarleabhar seo.

**Ní mór d'iarrthóirí na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:**

**(A)** **Ocht** gceist as **Roinn 1 agus**

**(B)** **An Cheist ar an nGnó Feidhmeach i Roinn 2 agus**

**(C)** **Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar seo a leanas:

Ceist **amháin** as **Cuid 1**

Ceist **amháin** as **Cuid 2**

Agus **Dhá** cheist ar bith eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.

**Tá gach ceist i Rionn 3 ar cómharc.**

**Déanamh agus Múnla an áireamhháin a úsáideadh:**

| Roinn 1 | Ceisteanna Gearrfhreagra | 80 marc |
|---|---|---|

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt. Freagair ocht gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

**1.** Is liosta de théarmaí gnó atá i **gColún 1.**
Is liosta de mhíniúcháin a d'fhéadfadh a bheith ar na téarmaí sin atá i **gColún 2**
*(Tá míniúchán amháin ann nach dtagraíonn d'aon cheann de na téarmaí sin.*)

| Colún 1: Téarmaí | Colún 2: Míniúcháin |
|---|---|
| **1.** Comhpháirtíocht | **A** Cónasctar dhá ghnólacht le chéile chun eintiteas dlíthiúil nua a dhéanamh. |
| **2.** Comharchumann | **B** Gnólacht a bhfuil 2 úinéirí ar a laghad agus 20 úinéir ar a mhéad aige. |
| **3.** Saincheadúnas | **C** Gnólacht faoi úinéireacht an rialtais, á mhaoiniú ag an rialtas agus faoi stiúir an rialtais. |
| **4.** Cumasc | **D** Gnólacht a bhunaigh a chuid ball agus atá faoi úinéireacht agus faoi stiúir a chuid ball ar mhaithe le comhshochar na mball. |
| **5.** Táthcheangal | **E** Ceannaíonn gnólacht amháin tromlach na scaireanna vótála i ngnólacht eile agus ar an mbealach sin glacann sé stiúir ar an ngnólacht eile. |
| | **F** An ceart samhail ghnó a úsáid ach táille agus céatadán den bhrabús a fháil mar chúiteamh. |

Déan an dá liosta a mheaitseáil. Cuir an litir a bhaineann leis an míniúchán ceart faoin uimhir ábhartha thíos.

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**2.** I gcomhthéacs gnó, céard dó a seasann na litreacha thíos? (Tá na litreacha Béarla tugtha idir lúibíní.) Scríobh gach freagra sa spás atá ann dó.

| | |
|---|---|
| **GFT (*IDA*)** | |
| **POF (*CEO)*** | |
| **BCE (*ECB*)** | |
| **OCC (*CRO*)** | |
| **EDT (*WTO*)** | |

**3.** **(i)** Mínigh an téarma Forbairt Pobail.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar sheirbhís **amháin** a sholáthraíonn eagraíocht forbartha pobail de do rogha féin.

| |
|---|
| |
| |
| |

**4.** Cuir ciorcal thart ar **an rogha cheart** i gcás **gach ceann** de na ráitis seo a leanas.

**(i)** Cuirtear síos ar an difríocht idir an sprioc-aschur in aonaid agus an pointe meá ar mheá in aonaid mar **ioncam iomlán / lamháil sábháilteachta**.

**(ii)** **Cuirtear / ní chuirtear** barainneacht scála san áireamh ar chairt mheá ar mheá.

**(iii)** Ar chairt mheá ar mheá, fanann **costais sheasta / costais iomlána** mar an gcéanna beag beann ar aon mhéadú ar aschur na n-aonad.

**(iv)** Iolraítear an t-aschur tuartha in aonaid faoin **gcostas athraitheach in aghaidh an aonaid / bpraghas díola in aghaidh an aonaid** chun an t-ioncam iomlán ar chairt mheá ar mheá a ríomh.

**(v)** Tuilleann táirge **brabús / caillteanas** sula sroicheann sé an pointe meá ar mheá ar an gcairt mheá ar mheá.

**5.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fheidhm atá ag Parlaimint na hEorpa.

| |
|---|
| **(i)** |
| |
| |
| **(ii)** |
| |
| |

**6.** Déan idirdhealú idir **Trádbhac** agus **Cuóta**.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**7.** Scríobh **Fíor** nó **Bréagach** i ndiaidh **gach ceann** de na ráitis seo a leanas.

| | **Ráiteas** | | **Fíor nó Bréagach** |
|---|---|---|---|
| **1.** | Johnson&Johnson | Is sampla de phlean oirbheartaíochta é an gnólacht cógaisíochta Johnson and Johnson a bheith ag athrú chun 100% dá riachtanais leictreachais a fháil ó fhoinsí in-athnuaite taobh istigh de na 18 mí atá amach romhainn. | |
| **2.** | N | Is sampla de ghnólacht atá ag comhlíonadh a fhreagrachtaí sóisialta i leith a chuid soláthraithe é Netflix a bheith ag tairiscint 52 seachtain de shaoire thuismitheoireachta le pá dá bhaill foirne. | |
| **3.** |  | Is sampla de phlean teagmhais é an craoltóir Stáit RTÉ a bheith ag fógairt spriocanna atá le baint amach le linn na gcúig bliana atá amach romhainn. | |
| **4.** | DHL | Faoi 2025, tá sé mar aidhm ag DHL níos mó ná 500 feithicil gáschumhachtaithe a bheith sa fhlít acu. Is sampla de ráiteas misin é sin. | |
| **5.** | Nintendo | Is sampla de phlean oibríochta é Nintendo a bheith ag pleanáil táirge nua a sheoladh sna ceithre seachtaine atá amach romhainn. | |

**8.** Déan idirdhealú idir **dhá** chineál rialaithe bainistíochta a úsáidtear go coitianta i gcúrsaí gnó.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**9.** Bhí teach arbh fhiú **€300,000** é ag Oilibhéar Ó Cadhla. Chuir sé an teach faoi árachas ar luach **€250,000**. Rinne píobán pléasctha san áiléar damáiste ar luach **€60,000** don teach.

**(i)** Ríomh an méid cúitimh a íocfaidh an chuideachta árachais le hOilibhéar.
Taispeáin do chuid oibre.

| **Obair** | **Freagra** |
|---|---|
| | |

**(ii)** Mínigh an ról atá ag an measúnóir i gcúrsaí árachais.

| |
|---|
| |
| |

**10.** Liostaigh **trí** mhodh caidrimh phoiblí a mbaineann gnólachtaí úsáid astu go coitianta. Tabhair sampla de gach modh.

| | Modh Caidrimh Phoiblí | Samplaí |
|---|---|---|
| **1.** | | |
| **2.** | | |
| **3.** | | |

**11.** Léirigh an tuiscint atá agat ar Chomhchoiste Oibreachais.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**12.** **(i)** Mínigh an téarma obair foirne.

| |
|---|
| |
| |
| |


**(ii)** Ainmnigh na **ceithre** chéim i bhforbairt foirne.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |
| 3. |
| 4. |

## Freagarleabhar do Roinn 2 agus 3

### Treoracha

Tá Ceisteanna **Roinn 2 agus 3** i gceistpháipéar ar leithligh.
Tosaigh gach ceist ar leathanach nua. Scríobh uimhir na ceiste sa bhosca ar bharr gach leathanaigh. Úsáid an colún ar chlé chun gach páirt a lipéadú, mar a thaispeántar thíos.




Tá dhá leathanach de ghrafpháipéar curtha ar fáil i gcúl an Fhreagarleabhair seo. Ar leathanaigh an ghrafpháipéir, is i mbun an leathanaigh atá an bosca le haghaidh uimhir na ceiste.

Ní gá duit na leathanaigh go léir a úsáid sa Fhreagarleabhar seo. Má bhíonn easpa spáis ort sa Fhreagarleabhar seo, is ceadmhach duit breis páipéir nó grafpháipéir a lorg ón bhfeitheoir.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin i gcomhair sceitsí, graf agus léaráidí.

Ceist

Ceist

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Gnó Roinn 1 agus Freagarleabhar

Déardaoin 13 Meitheamh

Maidin 9:30 - 12:30

2024.M57T 2024L033A2IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2024

# Gnó – Ardleibhéal

## Roinn 2 agus Roinn 3

Déardaoin, 13 Meitheamh Maidin 9:30 - 12:30

**Ní mór d’iarrthóirí na ceisteanna seo a fhreagairt:**

**An Cheist ar an nGnó Feidhmeach i Roinn 2 AGUS**

**Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar seo a leanas:

- Ceist **Amháin** as **Cuid 1**
- Ceist **Amháin** as **Cuid 2**
- Agus **Dhá** cheist ar bith eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.

**Tá gach ceist i Roinn 3 ar cómharc**.

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2024 d’fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D’fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

| Roinn 2 | Ceist ar an nGnó Feidhmeach | 80 marc |
|---|---|---|

**Ceist éigeantach í seo a bhfuil 80 marc ag gabháil léi agus í bunaithe ar na hAonaid 1, 2 agus 3.**

Scríobh do fhreagra sa Fhreagarleabhar ina bhfuil **Roinn 1**

**Cúram Nua-Aoise na hÉireann Teo.**



Is gnólacht a reáchtálann tithe altranais é Cúram Nua-Aoise na hÉireann Teo. a bhunaigh Séamus Ó Brolacháin in 2002. Bhí Séamus ag obair in earnáil na tionsclaíochta agus ag tabhairt aire dá chuid tuismitheoirí aosta nuair a chonaic sé deis teach altranais a oscailt in oirdheisceart na hÉireann.
I dtús báire, dhiúltaigh an banc iasacht ghnó a thabhairt dó chun a ghnólacht a bhunú. D'fhorbair Séamus plean gnó feabhsaithe agus fuair sé airgeadas trí chuideachta caipitil fiontair. D'éirigh Séamus as a phost sa tionsclaíocht chun oibríochtaí an ghnólachta a bhainistiú. Bhí Séamus ag iarraidh go mbeadh seirbhís ar ardchaighdeán á cur ar fáil ag an ngnólacht agus thuig sé go gcaithfeadh sé togha na foirne a earcú chun é sin a bhaint amach. Rinne Séamus cinneadh fostaithe a mhealladh trí thuarastal níos airde ná a chuid iomaitheoirí a thairiscint. Bhí Cúram Nua-Aoise na hÉireann ar cheann de na tithe altranais in Éirinn ba thúisce a bhain úsáid as na meáin shóisialta mar uirlis bholscaireachta.

Bhí roinnt dúshlán le sárú ag Séamus, ach in ainneoin amanna crua, d'éirigh leis na deacrachtaí sin a shárú agus d'oscail sé an dara teach altranais in 2023. Creideann infheisteoirí san fhís seirbhís den chéad scoth a sholáthar i gCúram Nua-Aoise na hÉireann agus tá pleananna réitithe don tríú teach altranais. Glacadh le tairiscint a rinne Séamus ar thalamh a cheannach taobh amuigh de Cheatharlach. Fuair sé na cáipéisí dlí ó dhlíodóir an díoltóra. Bhuail Séamus lena chuid dlíodóirí chun an conradh a shíniú. Aistríodh an táille a bhí aontaithe agus fuarthas gníomhais úinéireachta.

Tá forbairt tagtha ar thacar sainscileanna Shéamuis le fiche bliain anuas. Tá a stíl bhainistíochta athraithe aige. Anois déanann Séamus údarás a tharmligean chuig an meánbhainistíocht sna tithe altranais. Anois bíonn cruinnithe rialta ag Séamus lena fhoireann meánbhainistíochta. Thug Séamus isteach cruinnithe measúnaithe don fhoireann agus bíonn siad sin ar siúl go bliantúil. Aithnítear spriocanna do na fostaithe ag na cruinnithe sin agus spreagtar an fhoireann chun aon údair imní atá acu a chur in iúl. Cuireann Séamus conair ghairme atá soiléir os comhair a chuid foirne mar go n-aithníonn sé nach airgead amháin a spreagann na fostaithe go léir. Thug Séamus isteach scéim chuidithe d'fhostaithe atá ag iarraidh tuilleadh oideachas tríú leibhéal a fháil. Creideann Séamus má thugann sé aire dá fhoireann go dtabharfaidh siadsan cúram agus seirbhís ar an leibhéal is airde do na cónaitheoirí atá ag Cúram Nua-Aoise na Éireann.

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar na scileanna/tréithe fiontraíochta a thaispeáin úinéir Chúram Nua-Aoise na hÉireann Teo. Bíodh tagairt agat don téacs i do fhreagra. (20)

**(B)** **(i)** Sainmhínigh an téarma conradh**.**

**(ii)** Déan plé ar na gnéithe riachtanacha de chonradh bailí atá ann maidir leis an gceannach talún a rinne Cúram Nua-Aoise na hÉireann Teo. Bíodh tagairt agat don téacs i do fhreagra. (30)

**(C)** Déan measúnú ar an dóigh a bhfuil scileanna bainistíochta Shéamuis i ndiaidh cur leis an rath atá ar Chúram Nua-Aoise na hÉireann Teo. Bíodh tagairt agat don téacs i do fhreagra. (30)

| Roinn 3 | 240 marc |
|---|---|

Scríobh do chuid freagraí sa Fhreagarleabhar ina bhfuil **Roinn 1**

Freagair **Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar seo a leanas:

Ceist **Amháin** as **Cuid 1**

Ceist **Amháin** as **Cuid 2**

agus **Dhá** cheist ar bith eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**.

**Tá 60 marc ag gabháil le gach ceist.**

## Cuid 1
## Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Ghnó

| Ceist 1 | Daoine sa Ghnó |
|---|---|

**(A)** Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanann é.



**€3.4m á lorg ag forbróir tógála ó chonraitheoir mar gheall ar shárú conartha.**
Maíonn forbróir tógála gur fhág conraitheoir scéim tithe sóisialta ina raibh 65 aonad i mBaile Átha Cliath neamhchríochnaithe agus gur éiligh siad barraíocht íocaíochtaí.

Arna chur in oiriúint ó Sunday Business Post

**(i)** Mínigh an téarma sárú conartha.

**(ii)** Léirigh na réitigh atá ar fáil i gcás sárú conartha. (20)

**(B)** **(i)** Déan cur síos ar **thrí** ghné a bhaineann le Nós Imeachta na nÉileamh Beag chun coimhlint a réiteach.

**(ii)** Mol bealach **amháin** a bhféadfaí Nós Imeachta na nÉileamh Beag a fheabhsú, dar leat. Tabhair cúis chun tacú le do fhreagra. (20)

**(C)** **(i)** Liostaigh **trí** chúis faoinar féidir a mheas go bhfuil dífhostú **éagórach** de réir an Achta um Dhífhostú Éagórach, 1977/2015.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** nós imeachta ba chóir d’fhostóir a leanúint nuair atá fostaí á dhífhostú, faoin Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977/2015.

(20)

| Ceist 2 | An Timpeallacht Intíre |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanann é.




Go hoifigiúil, tá geilleagar na hÉireann i gcúlú eacnamaíochta teicniúil mar thit OTI níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis sa tríú ráithe.
Arna chur in oiriúint ó Irish times, Mí na Nollag 2023

**(A)** **(i)** Déan idirdhealú idir fás geilleagrach agus rátaí úis.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar na tionchair a bhíonn ag méadú i rátaí úis ar ghnólachtaí Éireannacha. (20)

**(B)** **(i)** Léirigh an tuiscint atá agat ar an téarma an earnáil phríomhúil.

**(ii)** Déan plé ar na treochtaí reatha in earnáil phríomhúil an gheilleagair. (20)

**(C)** Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanann é.

Déanann gnólachtaí áirithe a dtaifid airgeadais a chúbláil d’fhonn borradh a chur faoi infheistíocht.
Arna chur in oiriúint ó investopedia.com


**(i)** Mínigh an téarma eitic ghnó.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar conas a d’fhéadfadh gnólacht a chuid fostaithe a spreagadh le bheith eiticiúil. (20)

| **Ceist 3** | **Timpeallacht Idirnáisiúnta** |
|---|---|

**(A)** Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Éire 2023 R3**




Arna chur in oiriúint ó cso.ie

**(i)** Mínigh an téarma Comhardú na nÍocaíochtaí.

**(ii)** Ríomh Comhardú na Trádála agus Comhardú na nÍocaíochtaí ag baint úsáid as na sonraí thuas.
Luaigh cé acu barrachas nó easnamh atá i do fhreagra. Taispeáin do chuid oibre.

(20)

**(B)** Seachas cánachas, déan plé ar na cúiseanna a lonnaíonn cuideachtaí ilnáisiúnta in Éirinn.

(20)

**(C)** **(i)** Déan idirdhealú idir na téarmaí an cumasc margaíochta caighdeánaithe agus an cumasc margaíochta sainoiriúnaithe.

**(ii)** Mínigh an tábhacht d'Éirinn a bhaineann le **ceann amháin** ar bith de na polasaithe seo a leanas de chuid an Aontais Eorpaigh.

- An Comhbheartas Talmhaíochta
- Polasaí Sóisialta an AE
- Polasaí Iomaíochta an AE.

(20)

**Ceist 4** **Daoine sa Ghnó**

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanann é.




Lucht Múchta Dóiteán chun a ngníomhaíocht thionsclaíoch a ghéarú.

Arna chur in oiriúint ó Nuacht RTÉ, Lúnasa 2023

**(A)** **(i)** Sainmhínigh an téarma aighneas trádála mar a leagtar amach é faoin Acht Caidrimh Thionscail, 1990.

**(ii)** Déan cur síos ar **thrí** chineál gníomhaíochta tionsclaíche oifigiúla. (20)

**(B)** **(i)** Léirigh an difríocht atá idir stocaireacht agus idirbheartaíocht.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann fostaí as ceardchumainn. (20)

**(C)** Déan measúnú ar an ról atá ag an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CICT) (*CCPC i mBéarla*). (20)

## Cuid 2
## Fiontraíocht

**Ceist 5** **Fiontraíocht/Bainistíocht**

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanann é.

Bhunaigh Ingvar Kamprad IKEA in 1943 nuair a bhí sé 17 mbliana d'aois, agus é ag díol earraí amhail pinn agus sparáin. Is ceannaire margaidh i dtroscán inacmhainne é IKEA anois.

**(A)** Mínigh cúiseanna a mbeadh duine ina f(h)iontraí. (15)

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanann é.

Tá níos mó ná 450 siopa ag IKEA agus feidhmíonn sé ar chúig ilchríoch. Nuair a bhítear ag leathnú gnólachta, is minic a fhorbróidh an bhainistíocht struchtúr eagraíochta d'fhonn an réise rialúcháin agus an slabhra ceannais a shoiléiriú.

**(B)** **(i)** Déan idirdhealú idir na téarmaí réise rialúcháin agus slabhra ceannais.

**(ii)** Déan plé ar na buntáistí a bhaineann le struchtúr maitríse eagraíochta do ghnólacht amhail IKEA. (25)

**(C)** Tabhair breac-chuntas, agus sampla in úsáid agat, ar an tionchar atá ag an teicneolaíocht ar an mbainistíocht i ngnólacht amhail IKEA maidir le;

**(i)** Dearadh táirgí
**(ii)** Déantúsaíocht
**(iii)** Margaíocht
**(iv)** Bainistíocht acmhainní daonna. (20)

| **Ceist 6** | **Bainistíocht** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**(A)** Tá réamhaisnéis sreafa airgid le haghaidh Jackson Teo. do R4 in 2024 leagtha amach thíos.

| **2024** | **DF €** | **Samh €** | **Noll €** | **Iomlán €** |
|---|---|---|---|---|
| **Fáltais** | 151,000 | 125,000 | 114,000 | 390,000 |
| **Íocaíochtaí** | 130,000 | **B** | 125,000 | 423,000 |
| **Airgead Glan** | 21,000 | (43,000) | **C** | (33,000) |
| **Airgead Tosaigh** | **A** | 26,000 | (17,000) | 5,000 |
| **Airgead Deiridh** | 26,000 | (17,000) | (28,000) | (28,000) |

**(i)** Mínigh na fáthanna a n-ullmhódh Jackson Teo. réamhaisnéis sreafa airgid.

**(ii)** Ríomh na figiúirí a seasann na litreacha **A, B** agus **C** dóibh ar an réamhaisnéis sreafa airgid.
(Taispeáin do chuid freagraí sa fhreagarleabhar)

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach a bhféadfadh Jackson Teo. déileáil le fadhb atá léirithe sa réamhaisnéis sreafa airgid thuas.

(25)

**(B)** Déan plé ar na difríochtaí atá idir teaghlach a bhainistiú agus gnólacht a bhainistiú maidir le cánachas. (15)

| Préimheanna árachais in Éirinn fós ag ardú. |
|---|

**(C)** **(i)** Mínigh, agus samplaí in úsáid agat, na **trí** phrionsabal seo a leanas a bhaineann le hárachas;

Meon Lánmhaith    Slánaíocht    Leas Inárachais

**(ii)** Sainaithin cineál **amháin** polasaí árachais agus mínigh an fáth a bhféadfadh an chuideachta árachais a mheas nach bhfuil an riosca inárachais. (20)

| **Ceist 7** | **Bainistíocht/Gnó i nGníomh** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanann é.

4TH ARQ

Is branda Éireannach éadaí 4TH ARQ a tháirgeann gnáthéadaí i stíl sráide d'fhir agus do mhná. Tá raon éadaí á thairiscint ag 4TH ARQ, idir bharréide, bhunéide, sheaicéid agus bharréide lomra. Tá a bharréide leathzip acu, a bhfuil tóir uirthi, ar fáil i réimse dathanna.

**(A)** **(i)** Mínigh an téarma baisctháirgeadh.

**(ii)** Déan plé ar na himpleachtaí do 4th ARQ má athraíonn siad ó bhaisctháirgeadh go próiseas olltáirgthe. (20)

**(B)** Déan Trádálaí Aonair agus Cuideachta Phríobháideach Theoranta a chur i gcodarsnacht lena chéile mar chineálacha úinéireachta gnó faoi na ceannteidil seo a leanas:

Foirmiú Dliteanas Airgeadas Rialú (20)

**(C)** Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanann é.

De réir Act na gCuideachtaí, 2014, ní mór do stiúrthóirí gach cuideachta cuntas brabúis agus caillteanais agus clár comhardaithe a chur ar fáil gach bliain.

**(i)** Mínigh **trí cinn** ar bith de na téarmaí airgeadais gnó seo a leanas.

- Leachtacht
- Cuntas Brabúis agus Caillteanais
- Féichiúnaithe
- Díbhinní

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar chóimheas airgeadais **amháin** a mbaintear úsáid as chun brabúsacht ghnólachta a thomhas**.** (20)

**Ceist 8** **Gnó i nGníomh**

**(A)** Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanann é.



Is samplaí de ghnólachtaí a úsáideann praghsáil bhisigh iad uaireadóirí Rolex, Óstán agus Ionad Gailf Adare Manor agus Deochanna Hiodráitiúcháin Prime.

**(i)** Mínigh an téarma praghsáil bhisigh.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar na tosca a d'fhéadfadh gnólachtaí a mheas sula gcinnfidís ar phraghas dá dtáirge nó dá seirbhís. Tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra. (20)

**(B)** Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanann é.

D'fhoilsigh an ÚCFÉ (ASAI i mBéarla) treoir nua do thionchairí in Éirinn faoi lipéadú soiléir ar fhógraí ar na meáin shóisialta. D'fhonn mearbhall a sheachaint, ba chóir go mbeadh gach ábhar tráchtála lipéadaithe anois mar #Ad (nó #Fógra do phostálacha i nGaeilge)

Deireadh Fómhair 2023

**(i)** Céard dó a seasann na litreacha ÚCFÉ *(ASAI i mBéarla)*?

**(ii)** Déan idirdhealú idir fógraíocht chineálach agus fógraíocht áititheach.

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar mheán fógraíochta a mholfá do **dhá** cheann de na gnólachtaí atá ar an liosta thíos. Tabhair cúis mar thaca le gach moladh.

- Uaireadóirí Rolex
- Óstán agus Ionad Gailf Adare Manor
- Deochanna Hiodráitiúcháin Prime (25)

**(C)** Déan cur síos ar theicnící difriúla do phromóisin díolachán a bhféadfadh gnólacht úsáid a bhaint astu chun táirge nua nó táirge atá ann cheana a chur chun cinn. Bain úsáid as samplaí chun tacú le do fhreagra. (15)

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir *Alt 53(5) den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, (2000)*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Ardteistiméireacht, 2024 – Ardleibhéal

# Gnó – Roinn 2 agus Roinn 3

Déardaoin, 13 Meitheamh
Maidin 9:30 – 12:30